Coimisiún na Scrúduithe Stáit

# An Ardteistiméireacht 2019

# Aistriúchán
# Ar Scéim Mharcála

## Gnó

## Gnáthleibhéal

**Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi úsáid na scéimeanna marcála foilsithe**

Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, as measc rudaí eile, déantar samplaí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, mar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntiú go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa d'obair iarrthóra nó nár cuireadh.

Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon iomlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrachta an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain. Aistriúchán ar an scéim chríochnaithe atá sa cháipéis fhoilsithe seo, mar a cuireadh i bhfeidhm ar obair na n-iarrthóirí uile í.

Is cóir a nótáil i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla nó malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.

**Scéimeanna Marcála san am atá le teacht**

Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain go bliain gan rabhadh.

# SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA 2019

# GNÓ

## GNÁTHLEIBHÉAL

# SCÉIM MHARCÁLA

### AGUS

# FREAGRAÍ A BHFUILTEAR AG SÚIL LEO

Scéim Mharcála agus Freagraí a bhfuiltear ag Súil leo le húsáid leis an Scéim Mharcála.

Agus an scéim mharcála á meas, is cóir na pointí a leanas a chur san áireamh:

- Níl na freagraí a bhfuiltear ag súil leo agus a chuirtear i láthair anseo uileghabhálach. Féadfar marcanna a bhronnadh as aon fhreagraí eile atá ceart.

- I gcuid mhaith cásanna d'fhéadfadh go mbeadh eochairfhrásaí, a chaithfidh a bheith i bhfreagra an iarrthóra le go dtuillfidh sé na marcanna sannta, sna freagraí a bhfuiltear ag súil leo.

- Déantar pointí ábhartha eolais eile a chuirfidh na hiarrthóirí i láthair a mharcáil agus a chúiteamh de réir fiúntais.

- Braitheann na mionsonraí a theastaíonn in aon fhreagra ar an gcomhthéacs agus ar an gcaoi a gcuirtear an cheist, agus ar an líon marcanna atá ar fáil don fhreagra ar an scrúdpháipéar. Ar an ábhar sin, d'fhéadfadh riachtanais athrú ó bhliain go bliain.

# AN ARDTEISTIMÉIREACHT: GNÓ – GNÁTHLEIBHÉAL

# FREAGRAÍ A BHFUILTEAR AG SÚIL LEO – 2019

**ROINN 1: CEISTEANNA GEARRFHREAGRA 100 marc**

| Ceist | Freagraí a bhfuiltear ag Súil leo | Marcanna |
|---|---|---|
| 1. | **1. Cad dó a seasann na litreacha seo a leanas?** | **10m** |
| | **CGB (AGM)** Cruinniú Ginearálta Bliantúil<br>**AGE (AOB)** Aon Ghnó Eile<br>**CGU (EGM)** Cruinniú Ginearálta Urghnách | 4<br>3<br>3 |
| 2. | **Ainmnigh an táirge:** | **10m** |
| | (i) Praghsáil Bhisigh: Táirge B (Samsung Galaxy Note 9) | 5 |
| | (ii) Praghsáil Fódaithe: Táirge A (Alcatel 1) | 5 |
| 3. | **Roghnaigh an focal nó na focail chuí chun an abairt thíos a chríochnú.** | **10m** |
| | Prionsabal árachais is ea **<u>Meon Lánmhaith</u>** ina sonraítear nach mór don árachaí gach **<u>faisnéis</u>** ábhartha a bhaineann leis an riosca atá á chur faoi árachas a nochtadh go deonach, go cruinn agus go hiomlán, cibé acu a iarradh nó nár iarradh í. | 6 + 4 |
| 4. | **Tabhair breac-chuntas ar dhá bhuntáiste a bhaineann tomhaltóirí na hÉireann as airgeadra an euro a úsáid.** | **10m** |
| | • Éascaíonn airgeadra coiteann – euro – cúrsaí taistil do thomhaltóirí na hÉireann.<br>• Tháinig laghdú ar na costais idirbhirt do thomhaltóirí – is féidir taisteal/idirbhearta ar líne a dhéanamh gan an t-airgeadra a athrú.<br>• Tháinig laghdú ar an idirdhealú praghsanna – má thugtar praghas earraí in airgeadra amháin, ba cheart go mbeadh sé ní ba dheacra difríochtaí praghsanna a cheilt i mballstáit éagsúla an Aontais Eorpaigh.<br>• Tá sé éasca ar cheannaitheoirí ar líne comparáid a dhéanamh idir praghsanna i dtíortha éagsúla euro.<br>• Tá rátaí úis seasmhach mar gheall nach n-athraíonn ach an Banc Ceannais Eorpach iad.<br>• Boilsciú íseal agus socracht praghsanna. | 3 + 2<br>3 + 2 |

| | | |
|---|---|---|
| **5.** | **Meamram a dhréachtú:**<br><br>**Meamram**<br><br>**Chuig:** Na Bainisteoirí Díolachán ar fad<br><br>**Ó:** Stiofán Ó Cinnéide **Dáta:** 13 Meitheamh 2019<br><br>**Maidir le:** Neamh-chomhlíonadh GDPR<br><br>Is meabhrúchán é seo gur féidir le hÚdaráis Cosanta Sonraí fíneálacha a ghearradh i gcás neamhchomhlíonadh an Rialacháin Ghinearálta Maidie le Chosaint Sonraí (GDPR).<br><br>**Síniú:** *Stiofán Ó Cinnéide* **Teideal:** Bainisteoir TFC | **10m**<br><br>2<br><br>1 + 2<br><br>1<br><br>2<br><br>1 + 1 |
| **6.** | **Cuir ciorcal thart ar an rogha cheart i ngach ceann de na ráitis seo a leanas.**<br><br>(i) comhaontú dlíthiúil<br>(ii) comaoin<br>(iii) dlíthiúlacht foirme<br>(iv) níl | **10m**<br><br>4<br>3<br>2<br>1 |
| **7.** | **Mínigh na cineálacha cánach seo a leanas.**<br><br>Tagraíonn **an Cháin Chorparáide** don cháin bhliantúil a íoctar ar bhrabús cuideachta. Is é 12.5% an ráta cánach corparáide don tionscal déantúsaíochta in Éirinn faoi láthair.<br><br>Is cáin ar dhíol earraí agus ar sheirbhísí a í **Cáin Bhreisluacha** (CBL) agus, den chuid is mó, bíonn sí san áireamh i bpraghas na dtáirgí agus na seirbhísí a úsáideann tomhaltóirí. Gearrtar an cháin seo ag gach céim den díolachán – ón déantúsóir go dtí an mórdhíoltóir go dtí an miondíoltóir go dtí an tomhaltóir. Is é 23% an ráta caighdeánach ach tá rátaí níos ísle ar earraí agus ar sheirbhísí riachtanacha áirithe. Tá roinnt bia saor ó CBL (ráta nialasach). | **10m**<br><br>3 + 2<br><br>3 + 2 |

<table>
<tr><td>8.</td><td>Léirigh le tic (✓) sa bhosca ceart, an stíl cheannaireachta a mbaineann gach ráiteas léi.
<table>
<tr><th>Ráiteas</th><th>UATHLATHACH</th><th>DAONLATHACH</th><th>LAISSEZ-FAIRE</th></tr>
<tr><td>Téann an ceannaire seo i mbun plé agus comhairliúcháin leis an bhfoireann nuair atá cinntí á ndéanamh aige/aici.</td><td></td><td>✓</td><td></td></tr>
<tr><td>Ní théann an ceannaire seo i mbun plé agus comhairliúcháin leis an bhfoireann nuair atá cinntí á ndéanamh aige/aici.</td><td>✓</td><td></td><td></td></tr>
<tr><td>Ceadaíonn an ceannaire seo dá f(h)oireann a gcinntí féin a dhéanamh.</td><td></td><td></td><td>✓</td></tr>
</table></td><td>10m<br>4<br>3<br>3</td></tr>
<tr><td>9.</td><td>Críochnaigh an Bealach Dáileacháin seo a leanas.
<table>
<tr><td>Déantúsóir</td></tr>
<tr><td>Mórdhíoltóir</td></tr>
<tr><td>Miondíoltóir</td></tr>
<tr><td>Tomhaltóir</td></tr>
</table></td><td>10m<br>5<br>5</td></tr>
<tr><td>10.</td><td>Tabhair breac-chuntas ar dhá chúis ar cheart d'fhiontraí plean gnó a ullmhú.
<ul>
<li>Cuspóirí agus spriocanna an ghnólachta a leagan amach go soiléir</li>
<li>Na hacmhainní atá ag teastáil a aithint</li>
<li>Cuidiú le maoiniú a fháil ó iasachtóirí.</li>
<li>Infheisteoirí ionchasacha a mhealladh.</li>
<li>An lucht bainistíochta agus an fhoireann a spreagadh.</li>
<li>Treoir a thabhairt d'iarracht an ghnólachta.</li>
<li>Fadhbanna a réamh-mheas agus réitigh fhéideartha a ullmhú.</li>
</ul></td><td>10m<br>3 + 2<br>3 + 2</td></tr>
<tr><td>11.</td><td>An Cóimheas Reatha a ríomh:<br>Foirmle: Sócmhainní Reatha: Fiachais Reatha<br>Obair: 150,000: 75,000<br>Freagra: 2: 1</td><td>10m<br>3<br>4<br>3</td></tr>
</table>

**12.** **Céimeanna de Shaolré an Táirge:** **10m**

| Seoladh | Fás | Aibíocht | Sáithiú | Meathlú |
|---|---|---|---|---|
| **A** | **B** | **C** | **D** | **E** |
| Carr uathrialaitheach de chuid GM | Carr leictreach (EV) | An VW Golf | Jeep Díosail 2.0 Lítear | Chevy ó na 1950idí |
| 3 | 3 | 2 | | 2 |

10

**13.** **Fíor nó Bréagach:** **10m**

| | | |
|---|---|---|
| Tobsmaointeoireacht | FÍOR | 3 |
| Scagadh Táirgí | BRÉAGACH | 3 |
| Céim na hindéantachta | BRÉAGACH | 2 |
| Margaíocht Tástála | FÍOR | 2 |

**14.** **Roghnaigh an modh cumarsáide is oiriúnaí sna cásanna seo a leanas agus mínigh an chúis le do rogha i ngach cás.** **10m**

(i) Cumarsáid amhairc, e.g. Powerpoint nó smeach-chairteacha a thaispeánann barrachairteacha, líneghraif nó cur i láthair Excel a thaispeánann an fheidhmíocht airgeadais. Is féidir cumarsáid amhairc a úsáid chun feidhmíocht airgeadais mar a bhí le blianta anuas a chur i gcomparáid lena chéile. 2 + 2

(ii) Cumarsáid scríofa. Litir chun a chinntiú go bhfuil taifead ar an rabhadh foirmiúil, agus cruinniú leis an mball foirne ina dhiaidh sin chun an cheist a phlé go rúnda. 2 + 1

(iii) Cumarsáid ó bhéal. Labhairt aghaidh ar aghaidh le duine nó glao ar an nguthán chun cumarsáid thapa a dhéanamh. Feabhsóidh sé seo soiléireacht agus tuiscint. Tugtar aiseolas ar an bpointe boise. 2 + 1

Glac le freagraí ábhartha/cuí nuair a dhéanann scoláirí cinneadh agus a dtacaíonn siad leis an gcinneadh le cúis bhailí.

**15.** **Meaitseáil na téarmaí leis na míniúcháin:** **10m**

| 1. | 2. | 3. | 4. | 5. |
|---|---|---|---|---|
| **D** | **C** | **A** | **B** | **F** |
| 3 | 3 | 2 | 1 | 1 |

10

# ROINN 2

## CUID 1



### CEIST 1

| | Freagraí Féideartha | Marcanna |
|---|---|---|
| (A) | (i) **Ainmnigh an dlí/an t-acht tomhaltais a thugann cosaint do Shinéad sa chás luaite.**<br><br>An tAcht um Dhíol Earraí agus Soláthar Seirbhísí, 1980<br><br>(ii) **Mínigh na téarmaí 'cáilíocht inmhargaidh'** agus '**oiriúnach don fheidhm'**.<br>Ní mór go mbeadh na hearraí ar **cháilíocht inmhargaidh:**<br>Ba chóir go mbeadh earraí de mhianach/caighdeán réasúnta, oiriúnach le díol, ag cur san áireamh a marthanacht agus an praghas a íocadh.<br>e.g. peann a chosnaíonn €50 versus peann a chosnaíonn €1.<br><br>Ní mór go mbeadh earraí **oiriúnach don fheidhm**.<br>Ciallaíonn sé seo nach mór go mbeadh na hearraí in ann cibé rud ar cheart dóibh a dhéanamh agus ar ceapadh dóibh a dhéanamh. Mar shampla, ba cheart do chasóg uiscedhíonach an bháisteach a choinneáil amach agus ba cheart go mbeadh reoiteoir in ann bia a reo. | **20m**<br><br><br>2+2+2+2+2<br><br><br><br>3 + 2<br><br><br><br><br>3 + 2 |
| (B) | (i) **Tabhair breac-chuntas ar dhá chineál réitigh / sásaimh a bhfuil Sinéad ina dteideal**<br><br>• **Aisíocaíocht:** An t-airgead a íocadh ar an táirge a thabhairt ar ais don tomhaltóir. Má cheannaíonn tomhaltóir earra lochtach agus má dhéanann sé gearán go scafánta, tá sé i dteideal aisíocaíocht iomlán airgid.<br>Mar shampla, tá Sinéad i dteideal aisíocaíocht iomlán airgid ar an méid a d'íoc sí as an ngúna.<br><br>• **Athsholáthar:** D'fhéadfaí malartú a dhéanamh, e.g. tugtar earra nua atá ar comhchaighdeán nó ar chaighdeán atá mórán mar an gcéanna ina áit. Is féidir réiteach foirfe a sholáthar don tomhaltóir mar mhalairt ar an táirge lochtach a díoladh.<br><br>• **Deisiúchán:** Féadfaidh an miondíoltóir tairiscint a dhéanamh an táirge lochtach a dheisiú don tomhaltóir.<br><br>(ii) **Mínigh modh amháin a d'fhéadfadh Sinéad a úsáid mar chruthúnas ar cheannach.**<br><br>Admháil nó ráiteas bainc nó ráiteas cárta creidmheasa mar go dtaispeánann siad an costphraghas agus an dáta ceannaigh. | **15m**<br><br><br>3 + 2<br><br><br><br><br>3 + 2<br><br><br><br><br><br><br>3 + 2 |

| | | |
|---|---|---|
| **(C)** | **Tabhair breac-chuntas ar dhá bhuntáiste don tomhaltóir as cás a thabhairt os comhair Chúirt na Mionéileamh**.<br><br>• Costas saor/íseal: Ní chosnaíonn sé ach €25 cás a thabhairt chuig Cúirt na Mionéileamh.<br><br>• Níl aon aturnaetha páirteach: Níl ar an tomhaltóir íoc as ionadaíocht dhlíthiúil.<br><br>• Áisiúil: Éistear cásanna sa chúirt dúiche áitiúil. Éasca a rochtain. Is féidir an t-iarratas a dhéanamh ar líne.<br><br>• Réiteach tapa: Mar gheall go n-éistear an cás go háitiúil réitítear an gearán go tapa.<br><br>• Cóir: Éisteann an breitheamh leis an dá thaobh agus tugann sé cinntí. Tá an breitheamh neamhchlaonta.<br><br>Dearadh nós imeachta Chúirt na Mionéileamh le déileáil le héilimh suas go dtí €2,000. | **15m**<br><br>4 + 4<br><br>4 + 3 |
| **(D)** | **(i) Ainmnigh an dlí / an t-acht a thugann cosaint d'fhostaí i gcás leithcheala.**<br><br>An tAcht um Chomhionannas Fostaíochta.<br><br>**(ii) Tabhair breac-chuntas ar thrí fhoras ar a bhfuil an leithcheal toirmiscthe.**<br><br>• Níor chóir go ndéanfadh inscne difear do chumas.<br>• Níor chóir go mbeadh aois ina bac ar an obair.<br>• Níor chóir fiosrú a dhéanamh faoi chreideamh an duine.<br>• Is ábhar pearsanta é gnéaschlaonadh.<br>• D'fhéadfadh sé nach gcuirfeadh míchumas isteach ar an obair atá i gceist.<br>• Níor chóir go gcuirfeadh stádas pósta isteach ar iompar san ionad oibre.<br>• Níor cheart go ndéanfaí leithcheal ar bhonn Stádas Teaghlaigh.<br>• Ní chiallaíonn cine ná dath craicinn gur chóir go ndéanfaí drochíde ar dhuine.<br>• Tá ballraíocht sa Lucht Siúil mar an gcéanna le ballraíocht in aon phobal. | **15m**<br><br>3<br><br>2 + 2<br>2 + 2<br>2 + 2 |

| | | |
|---|---|---|
| **(E)** | **Tabhair breac-chuntas ar dhá chúis le haighnis faoi chaidreamh tionsclaíoch idir ceardchumainn agus fostóirí.**<br><br>• Díospóidí faoi phá: d'fhéadfadh oibrithe raon d'éilimh éagsúla phá nó phinsin a sheoladh, e.g. éileamh ar bhonn costas maireachtála, éileamh inchomparáideachta nó éileamh coibhneasachta. Más rud é go gcuireann an fostaí in aghaidh na n-éileamh pá sin nó go ndiúltaíonn sé dóibh, féadfaidh díospóidí tionsclaíocha teacht aníos.<br><br>• Díospóidí faoi dhálaí oibre/faoi dhualgais oibre: d'fhéadfadh athruithe ar dhálaí oibre díospóid a tharraingt freisin. Athrú ar ról an fhostaí. Féadann díospóidí tionsclaíocha teacht aníos sa chás go dteipeann ar an lucht bainistíochta dálaí sábháilte oibre, trealamh sábháilte, sláinteachas cuí agus téamh imleor a chur ar fáil.<br><br>• Cleachtais nua oibre/teicneolaíocht nua: féadfaidh oibrithe cur in aghaidh teicneolaíocht nua atá á tabhairt isteach má chreideann siad nár sholáthair an fostóir oiliúint chuí nó luach saothair cuí as a dtáirgiúlacht mhéadaithe.<br><br>• Iomarcaíochtaí: modhanna roghnaithe i gcomhair iomarcaíochta, pacáiste iomarcaíochta. I gcás ina bhfuil oibrithe den tuairim go bhfuil nósanna imeachta éagóracha le haghaidh roghnú á n-úsáid nó sa chás nach bhfuil na híocaíochtaí iomarcaíochta imleor e.g. is féidir gur mian le fostóirí fostaithe a ndéanfar iomarcaíocht orthu a shainroghnú ach gurbh fhearr le ceardchumann a dhéanann ionadaíocht do na fostaithe go n-úsáidfear córas LIFO ('is déanaí isteach is túisce amach').<br><br>• Ceist sannta poist: difríochtaí i bpá agus i ndálaí oibre idir grúpaí cosúla oibrithe.<br><br>Glac le freagraí cuí: Pinsin, teidlíochtaí saoire, aitheantas Ceardchumainn, dífhostú éagórach, idirdhealú. | **10m**<br><br>3 + 2<br><br>3 + 2 |

**CEIST 2**

<table>
<tr><th></th><th>Freagraí Féideartha</th><th>Marcanna</th></tr>
<tr><td>(A)</td><td>Tarraing Barrachairt nó Líneghraf chun an t-eolas thuas a léiriú.<br>

</td><td>20m<br><br>Teideal 2m<br><br>Ais lipéadaithe 2m + 1m<br><br>5 bharra @ 2m an ceann<br><br>5 mhíniú @ 1m an ceann</td></tr>
<tr><td></td><td>NÓ<br>

</td><td>Teideal 2m<br><br>Ais lipéadaithe 2m + 1m<br><br>5 phointe @ 2m an ceann<br><br>5 mhíniú @ 1m an ceann</td></tr>
<tr><td>(B)</td><td>Tabhair breac-chuntas ar dhá shampla de chaiteachas an rialtais ar an oideachas.<br><br>
• Tógáil nó scoileanna/ollscoileanna a mhéadú.<br>
• Tuarastail múinteoirí, léachtóirí ollscoile, CRSanna a íoc.<br>
• Iompar scoile – conarthaí le cuideachtaí bus.<br>
• Bonneagar a fheabhsú – saotharlanna nua, seomraí TFC.<br>
• Tionscnaimh oideachais – curaclaim nua.<br>
• Deontais leabhar agus deontais éide scoile do theaghlaigh ar ioncam íseal.<br>
• Deontais ollscoile do mhic léinn.</td><td>10m<br><br>3 + 2<br><br>3 + 2</td></tr>
</table>

| | | |
|---|---|---|
| **(C)** | **Tabhair breac-chuntas ar dhá bhuntáiste a bhaineann gnólachtaí as méadú ar chaiteachas an rialtais in aon cheann de na hearnálacha i gCuid (A).**<br>• Mar thoradh ar chaiteachas méadaithe ar phá na hearnála poiblí d'fhoireann na Roinne Sláinte nó na Roinne Oideachais, beidh díolacháin mhéadaithe ann do ghnólachtaí mar gheall go mbeidh ioncam indiúscartha níos mó ag fostaithe san earnáil phoiblí.<br>• Cuirfidh caiteachas méadaithe ar oideachas lucht saothair níos oilte ar fáil do ghnólachtaí.<br>• Méadóidh caiteachas méadaithe ar Iompar éifeachtúlachtaí do ghnólachtaí ó thaobh amanna seachadta, rochtain ar aerfoirt, etc.<br>• Mar thoradh ar chaiteachas méadaithe ar leas sóisialach trí pinsin a ardú nó méaduithe ar liúntas cuardaitheora poist méadófar díolacháin do ghnólachtaí mar go mbeidh ioncam indiúscartha níos mó ag an bpobal. | **15m**<br><br>5 + 3<br><br>5 + 2 |
| **(D)** | **(i) Mínigh cad is brí leis an téarma 'cuideachta ilnáisiúnta'.**<br>Is éard is cuideachta ilnáisiúnta ann gnó a bhfuil a cheanncheathrú i dtír amháin agus a bhfuil go leor brainsí aige i dtíortha eile ar fud an domhain.<br>**(ii) Mínigh dhá chúis a roghnaíonn cuideachtaí ilnáisiúnta lonnú in Éirinn.**<br>• Rochtain ar mhargaí an Aontais Eorpaigh: saorthrádáil le ballstáit AE eile. Méadóidh an rochtain ar os cionn 500 milliún saoránach AE díolacháin agus brabúis.<br>• Cáin Íseal Chorparáide (12.5%): Meallann an ráta íseal cánach ar bhrabúis cuideachtaí ilnáisiúnta. Tá ráta cánach corparáide níos ísle in Éirinn ar bhrabúis na cuideachta ná mar atá sa Fhrainc, sa Ghearmáin, sa Ríocht Aontaithe, etc.<br>• Ballstát den limistéar euro ina labhraítear Béarla: Is í Éire an t-aon bhallstát den limistéar euro ina bhfuil an Béarla ina phríomhtheanga. Mar gheall gurb é an Béarla teanga idirnáisiúnta an Ghnó, roghnaíonn cuideachtaí trasnáisiúnta Meiriceánacha agus Áiseacha Éire ionas nach mbeidh an oiread deacrachtaí cumarsáide acu.<br>• Lucht oibre sároilte: Tallann an lucht saothair. Líon na gcéimithe tríú leibhéal atá ar fáil.<br>• Is dreasachtaí breise le lonnú anseo an rochtain ar dheontais Rialtais/tacaíochtaí IDA. Mar gheall air sin, tá sé níos éasca bunú in Éirinn.<br>• Cuntas Teiste: Tá cáil bainte amach ag Éirinn mar áit mhaith do ghnólachtaí eachtracha a gceanncheathrú Eorpach a bhunú, e.g. lean cuideachtaí ilnáisiúnta ar nós Google, Stripe, Twitter gnólachtaí amhail Apple agus Facebook agus bhunaigh siad a gCeanncheathrú Eorpach in Éirinn.. | **20m**<br><br>3 + 2<br><br>4 + 4<br><br>4 + 3 |

| | | |
|---|---|---|
| **(E)** | **Tabhair breac-chuntas ar dhá bhuntáiste, seachas fostaíocht, a bhaineann geilleagar na hÉireann as cuideachtaí ilnáisiúnta.**<br><br>Cuideachtaí ilnáisiúnta<br>• Gintear ioncam cánach don Rialtas<br>• Cabhrú leis an mbonneagar a fheabhsú – stocaireacht a dhéanamh ar an rialtas chun bonneagar áirithe amhail leathanbhanda a fheabhsú<br>• Seachthairbhí a chruthú do ghnólachtaí eile amhail bialanna áitiúla<br>• Ceannaítear ábhair ó ghnólachtaí dúchasacha Éireannacha agus úsáidtear a gcuid seirbhísí.<br>• Comhardú na Trádála/Comhardú na nÍocaíochtaí a fheabhsú<br>• Cultúr fiontraíochta a chruthú<br>• Cabhrú leis an taighde agus leis an bhforbairt. | **10 m**<br><br><br>3 + 2<br><br>3 + 2 |

## CEIST 3


| | Freagraí Féideartha | Marcanna |
|---|---|---|
| (A) | **Déan liosta de thrí shampla d'earraí / de sheirbhísí a iompórtáiltear go hÉirinn.**<br>Ola, Carranna, Torthaí, Fíonta.<br>Éireannach ag ceannach árachais ó chuideachta árachais sa Ríocht Aontaithe,<br>Éireannach ar laethanta saoire thar lear. | **10 m**<br><br>4 + 3 + 3 |
| (B) | **Tabhair breac-chuntas ar thrí chúis a n-iompórtáiltear earraí agus seirbhísí go hÉirinn.**<br>• Táirgeadh – Ní tháirgimid táirgí áirithe, mar shampla, carranna.<br>• Aeráid – Níl an aeráid againn chun táirgí áirithe a fhás.<br>• Acmhainní nádúrtha – Níl ola againn mar sin bíonn orainn í a iompórtáil.<br>• Rogha Tomhaltóirí – Bíonn táirgí éagsúla ag teastáil ó thomhaltóirí.<br>• Tomhaltóir an 21ú haois – bíonn tomhaltóirí ag iarraidh luach ar airgead agus bíonn roinnt táirgí níos saoire nuair a iompórtáiltear iad.<br>• Fás sa ríomhthráchtáil – Tá sé níos éasca anois do thomhaltóirí earraí a cheannach ó thíortha eile mar gheall ar an idirlíon agus ar theicneolaíocht chliste. | **20m**<br><br>4 + 3<br>4 + 3<br>4 + 2 |
| (C) | **Mínigh an téarma 'easpórtálacha' agus tabhair sampla amháin.**<br>Is earraí agus seirbhísí iad easpórtálacha a dhíolann gnólachtaí atá lonnaithe in Éirinn le custaiméirí i dtíortha eile (a dhíoltar le tíortha eile).<br><br>Samplaí: Feistí leighis, cógaisíocht, táirgí déiríochta atá á ndéanamh in Éirinn agus a dhíolann gnólachtaí atá lonnaithe in Éirinn leis an mBeilg.<br>Comhlacht árachais Éireannach a dhíolann árachas le duine/gnólacht sa Ríocht Aontaithe. | **15m**<br><br>5 + 5<br><br>5 |
| (D) | **(i) Déan Comhardú na nÍocaíochtaí do mhí Eanáir 2019 a ríomh agus na figiúirí a tugadh á n úsáid agat. Taispeáin do chuid oibre.**<br>**Comhardú na nÍocaíochtaí** = Iomlán na nEaspórtálacha lúide Iomlán na nIompórtálacha<br>= €13,703 milliún **lúide** €6,520 milliún<br>= Comhardú na nÍocaíochtaí: €7,183 milliún<br>**(ii) Luaigh cé acu barrachas nó easnamh atá ann:** Barrachas | **15m**<br><br>2 + 2 + 2<br>4<br>5 |
| (E) | **(i) Ainmnigh trí thír de chuid an Aontais Eorpaigh a ndéanann Éire trádáil leo.**<br>An Fhrainc, an Spáinn, an Ghearmáin, etc. Glac le freagraí ábhartha.<br>**(ii) Mínigh an téarma 'taraif'.**<br>Is cáin ar iompórtálacha í taraif. Méadaíonn sí praghas an táirge sin chun tomhaltóirí a spreagadh chun earraí a cheannach ó tháirgeoirí intíre. | **15m**<br><br>4 + 3 + 3<br><br>3 + 2 |

**CEIST 4:**

| | Freagraí Féideartha | Marcanna |
|---|---|---|
| **(A)** | **Tabhair breac-chuntas ar thrí scil/thréith fiontraíochta a léiríonn fiontraithe.**<br><br>• Nuálach/Cruthaitheach – tagann sé ar smaointe nua; féachann sé ar rudaí ar bhealach úrnua.<br>• Úsáidtear tionscnaíocht – feiceann siad deis agus úsáideann siad a dtionscnaíocht chun an gnó a bhunú/ tá siad spreagtha chun rud éigin a dhéanamh.<br>• Duine a ghlacann rioscaí – glacann sé/sí riosca pearsanta agus riosca airgeadais. Níl aon chinnteacht go n-éireoidh leis/léi.<br>• Duine a oibríonn go crua/fuinniúil – toilteanach uaireanta fada a oibriú agus an oiread oibre agus is féidir a dhéanamh chun a sprioc a bhaint amach.<br>• Cinntitheach/I mBun Cinnteoireachta – déanann sé/sí cinntí go tapa éifeachtach.<br>• Athléimneach – in ann coinneáil ag imeacht nuair a bhuailtear buille air.<br>• Dírithe ar an todhchaí / uaillmhianach – féachann sé nó sí chun na todhchaí agus tagann ar phleananna le bheith chun tosaigh ar iomaitheoirí.<br>• Réamhghníomhach – duine ar fearr leis rudaí a dhéanamh é féin ná bheith ag fanacht ar dhuine eile rud a dhéanamh.<br>• Neamhspleách – a bheith in ann oibriú as a stuaim féin.<br>• Muiníneach – fios aige gur féidir leis spriocanna a bhaint amach; muinín as a smaointe féin.<br>• Solúbtha – a bheith in ann dul in oiriúint d'imthosca atá ag athrú.<br>• Scileanna Caidrimh Dhaonna – tarraingíonn sé go maith le daoine. | **15m**<br><br>3 + 2<br><br>3 + 2<br><br>3 + 2 |
| **(B)** | **Tabhair breac-chuntas ar thrí riosca a bhaineann le do ghnólacht féin a bhunú.**<br><br>• Fadhbanna airgid/Gan aon ioncam cinnte – b'fhéidir nach mbeadh dóthain airgid aige chun an gnó a rith.<br>• Deacair teacht ar mhaoiniú/iasachtaí a fháil – b'fhéidir go mbeadh deacracht aige maoiniú a aimsiú dá ghnólacht.<br>• Strus – caithfear uaireanta fada a oibriú chun gnó a bhunú. Nuair a bhunaítear gnó nua, d'fhéadfadh sé a bheith ina chúis le strus mór.<br>• Iomaíocht – d'fhéadfadh sé nach mbeadh sé in ann dul in iomaíocht le gnólachtaí eile atá ann ó thaobh chaighdeán agus praghas na seirbhíse.<br>• Teip ar ghnó – d'fhéadfadh sé nach n-éireodh leis an tsamhail ghnó agus nach mbeadh de rogha aige ach é a dhúnadh. D'fhéadfadh sé go gcaillfeadh sé a infheistíocht agus go ndéanfadh sé dochar dá gcáil mura n-éireodh leis an ngnó. | **15m**<br><br>3 + 2<br><br>3 + 2<br><br>3 + 2 |

| | | |
|---|---|---|
| **(C)** | **(i) Ainmnigh dhá chineál plean a úsáidtear i gcúrsaí gnó.**<br><br>• Plean straitéiseach<br>• Plean oirbheartaíochta<br>• Plean teagmhais<br>• Plean gnó<br>• Plean oibríochtúil<br>• Ráiteas misin<br>• Plean daonchumhachta<br>• Plean margaíochta<br>• Plean airgeadais/sreafa airgid | **15m**<br><br>4<br><br>4 |
| | **(ii) Mínigh cineál amháin plean a d'fhéadfadh a bheith ag Smyths Toys Superstores.**<br><br>• Ráiteas misin – doiciméad físe foriomlán.<br>• Plean straitéiseach – plean fadtéarmach ina bhfuil cuntas ar na spriocanna nó na cuspóirí a bheidh le baint amach thar thréimhse ama níos faide e.g. plean cúig bliana<br>• Plean oirbheartaíochta – miondealú an phlean straitéisigh ina spriocanna nó cuspóirí a bheidh le baint amach taobh istigh de 1-2 bhliain eile<br>• Plean teagmhasach – plean i gcomhair éigeandálaí nó imeachtaí nach bhfuil aon choinne leo. Is minic a dhéantar tagairt dó mar phlean cúltaca.<br>• Plean oibríochtúil – plean ina bhfuil cuntas ar na spriocanna agus cuspóirí a bheidh le baint amach ar bhonn laethúil. | 1 + 3 + 3 |

| | | |
|---|---|---|
| **(D)** | **(i) Mínigh an téarma 'rialú stoic'.**<br><br>Baineann rialú stoic lena chinntiú go bhfuil dóthain stoic/leibhéal barrmhaitheasa stoic ag an ngnólacht i gcónaí chun riachtanais an chustaiméara a shásamh. Is éard atá i gceist leis stocáireamh a dhéanamh go rialta, fios a bheith agat cé chomh fada is a thógann athorduithe, fios a bheith agat ar an uasmhéid agus an íosmhéid stoc a theastaíonn i gcónaí.<br><br>**(ii) Mínigh dhá chúis a bhfuil rialú stoic tábhachtach do shiopa bréagán.**<br><br>Má dhéantar rialú stoic éifeachtach feicfear:<br>• Sástacht mhéadaithe custaiméara – níos lú easnaimh táirgí, e.g. beidh na bréagáin a éilíonn na custaiméirí ag Smyths Toys Superstores. Na táirgí cearta i stoc ag an Nollaig etc.<br>• Costais laghdaithe – laghdófar costais stórála, árachais, slándála agus riaracháin.<br>• Éifeachtúlacht mhéadaithe – níos lú earráidí daonna, níos lú stoic as feidhm.<br>• Sainaithnítear caillteanais stoic trí ghoid agus dá bharr sin, bíonn níos lú mionghadaíochta ann.<br>• Úsáidfear caipiteal oibre ar bhealach éifeachtúil – ní shrianfar é le barraíocht stoic.<br>• Níos lú dramhaíola – ní fhágfar bréagáin shéasúracha rófhada ar sheilfeanna. | **15m**<br><br>3 + 2<br><br><br><br><br><br>3 + 2<br><br>3 + 2 |

<table>
<tr><td>(E)</td><td>Tarraing léaráid chun an struchtúr feidhmiúil eagrúcháin i ngnólacht a bhfuil ceithre roinn ann a léiriú.<br>
<br>Glac le ranna ábhartha eile.</td><td>15m<br><br>1 +1 + 1<br><br>3 + 3 + 3 + 3</td></tr>
</table>

**CEIST 5**

| | Freagraí Féideartha | Marcanna |
|---|---|---|
| (A) | **Mínigh an téarma 'oiliúint ionduchtaithe'.**<br><br>Tarlaíonn an oiliúint ionduchtaithe nuair a thosaíonn fostaí nua in eagraíocht – baineann sé le faisnéis agus treoracha a thabhairt don fhostaí maidir leis an gcaoi a bhfeidhmíonn an eagraíocht, cé dó a mbeidh sé freagrach, sonraí íocaíochta, cód eitice, etc.<br>e.g. Tá "córas cairdis" ag Intel ina ndéantar fostaithe nua a nascadh le fostaí atá ann cheana féin. In eagraíochtaí áirithe, déanann iontrálaithe nua 'scáthú' ar fhostaithe atá ann cheana féin chun socrú isteach agus aithne a chur ar an ngnólacht. | **10 m**<br><br>6 + 4 |
| (B) | **Mínigh dhá bhuntáiste a bhaineann *Sár-Éadaí* as oiliúint a chur ar a bhfoireann díolacháin.**<br><br>• Tugann sé buneolas agus scileanna d'fhostaithe. Cinntíonn sé éifeachtacht agus táirgiúlacht ard – níos lú botin – go bhféadann fostaithe a gcuid dualgas a chomhlíonadh.<br>• Feabhsaítear caighdeán na hoibre/na seirbhíse a chuirtear ar fáil. Cuireann sé ar chumas an fhostaí leibhéal ard seirbhíse a chur ar fáil do chustaiméirí.<br>• Dílseacht custaiméirí méadaithe – tá na scileanna ag an bhfoireann chun déileáil le tomhaltóirí agus chun leibhéal ard seirbhíse a sholáthar. D'fhéadfadh go mbeadh gnó athuaire agus dílseacht custaiméirí mar thoradh air sin.<br>• Méadaíonn sé meanma agus spreagadh na foirne agus mar sin, laghdófar asláithreacht.<br>• Sábhálann sé airgead san fhadtéarma mar d'fhéadfadh sé go gcabhródh sé le fostaithe a choinneáil.<br>• Feabhsaítear íomhá an ghnó agus d'fhéadfadh sé go meallfadh sin níos mó fostaithe. | **15m**<br><br>4 + 4<br><br>4 + 3 |
| (C) | **Mínigh an téarma 'sochar comhchineálach'.**<br><br>Is cineál ioncaim neamhairgeadais é sochar comhchineáil. Téarma eile air ná peorcais. Tá luach airgeadais an tsochair comhchineáil faoi réir cáin ioncaim. D'fhéadfaí a áireamh ann béilí in aisce, dearbháin lóin, carr cuideachta, fón póca oibre. | **15m**<br><br>6 + 6 + 3 |

| | | |
|---|---|---|
| **(D)** | **(i) Mínigh an téarma 'Pá Comhlán'.** | **15m** |
| | Tagraíonn seo do phá fostaí sula dtógtar aon asbhaintí. | 3 + 2 |
| | **(ii) Má oibríonn Orla ar feadh 10 n-uair an chloig i ngnáthsheachtain, déan a pá comhlán seachtainiúil a ríomh.** | |
| | Obair: 10 x 15 = 150 | 3 |
| | Freagra: €150 | 2 |
| | **(iii) Má oibríonn Orla ar feadh 8 n-uair an chloig ar Lá Fhéile Stiofáin, déan a pá comhlán a ríomh don lá sin.** | |
| | Obair: 8 x 15 x 2 = 240 | 3 |
| | Freagra: €240 | 2 |
| **(E)** | **(i) Déan asbhaintí iomlána bliantúla Fhíona a ríomh.** | ***20m*** |
| | ÍMAT = €3,700 | 2 |
| | ÁSPC 7% de €35,000 = €2,450 [35,000 x 7 / 100] | 3 |
| | <u>MSU 3% de €35,000 = €1050</u> [35,000 x 3 / 100] | 3 |
| | Asbhaintí Iomlána € 7,200 | 2 |
| | **(ii) Déan Tuarastal Glan Bliantúil Fhíona a ríomh.** | |
| | Olltuarastal €35,000 | 3 |
| | <u>– Asbhaintí Iomlána €7,200</u> | 3 |
| | Glan-tuarastal Bliantúil €27,800 | 4 |

## CEIST 6

| | Freagraí Féideartha | Marcanna |
|---|---|---|
| **(A)** | **(i) Ainmnigh an áit a bhfuair Siobhán an smaoineamh faoina gnó uachtar reoite nua.** | **15m** |
| | Smaoinigh Siobhán ar bheár uachtar reoite a bhunú nuair a bhí sí ar saoire san Iodáil. | 5 |
| | **(ii) Tabhair breac-chuntas ar dhá fhoinse eile ónar féidir le fiontraithe smaointe a fháil do tháirgí nua.** | |
| | • Iomaitheoirí – féach cad atá an t-iomaitheoir a dhéanamh agus déan níos fearr é. | 3 + 2 |
| | • Moltaí na foirne – bíonn smaointe nua ag d'fhoireann. | 3 + 2 |
| | • An tIdirlíon – taighde ar an idirlíon chun smaointe nua a fháil. | |
| | • Ransú Smaointe – seisiún ransaithe smaointe i measc na foirne chun teacht ar smaoineamh. | |
| | • Na Meáin – faigh smaointe ó nuachtáin, ón teilifís, ón raidió etc. | |
| | • Aiseolas ó chustaiméirí – éist lena bhfuil ag teastáil ó chustaiméirí agus cruthaigh táirge a oirfidh dá riachtanais. | |
| | • Treochtaí Faisin/Tomhaltóirí – ach aird a thabhairt ar a bhfuil i bhfaisean/treochtaí custaiméirí, d'fhéadfadh sé go bhforbródh fiontraí táirge/seirbhís nua. | |
| | • Rannóg taighde agus forbartha – rannóg shonrach a bheidh freagrach as teacht ar smaointe. | |
| | • Ionadú iompórtála – déanann fiontraí táirge atá á iompórtáil faoi láthair. | |
| | • Moltaí ó Chairde/Ghaolta – faigheann fiontraithe smaointe ó chairde nó ó ghaolta a d'fhéadfadh moltaí a dhéanamh nó aird a tharraingt ar fhadhbanna atá le táirge/seirbhís reatha. | |

| | | |
|---|---|---|
| **(B)** | **(i) Mínigh an téarma 'taighde margaidh'.**<br><br>Is éard atá i gceist le taighde margaidh sonraí a bhailiú, a thaifeadadh agus a anailísiú go córasach faoi dhaoine nó faoi chuideachtaí. Déantar taighde margaidh chun tuiscint níos fearr a fháil ar riachtanais an mhargaidh.<br><br>**(ii) Mínigh, agus sampla á úsáid agat i ngach cás, an difríocht idir taighde príomhúil agus taighde tánaisteach.**<br><br>Is éard atá i gceist le **taighde príomhúil** ná dul isteach sa mhargadh chun faisnéis ghnó a fháil go pearsanta nó chun faisnéis nua ghnó a fháil. Tugtar taighde allamuigh air freisin, agus tugtar faoi trí theagmháil dhíreach a dhéanamh le custaiméirí nó le custaiméirí ionchasacha.<br>De ghnáth, bíonn taighde príomhúil costasach agus glacann sé cuid mhór ama, ach tugann sé faisnéis shonrach faoi iompraíocht an spriocmhargaidh.<br><br>Samplaí de thaighde allamuigh: suirbhéanna, breathnóireacht, ceistneoirí, grúpaí fócais agus painéil custaiméirí.<br><br>Baineann **taighde tánaisteach** le rochtain a fháil ar fhaisnéis a bailíodh cheana nó an fhaisnéis sin a úsáid. Tugtar taighde deisce air freisin agus is féidir a dhéanamh go hinmheánach nó go seachtrach. Is féidir le taighde tánaisteach faisnéis a chur ar fáil faoi iomaitheoirí agus faoi phatrúin chaiteachais tomhaltóirí.<br>Tá taighde tánaisteach measartha saor, coinníonn sé seo na costais síos, agus cinntítear gnólacht iomaíoch dá bharr.<br><br>Samplaí de thaighde tánaisteach: an t-idirlíon, tuarascálacha inmheánacha díolachán, tuarascálacha trádála, foilseacháin na Príomh-Oifige Staidrimh, nuachtáin. | **20m**<br><br>2 + 2<br><br>3 + 3 + 2<br><br>3 + 3 + 2 |
| **(C)** | **Tabhair breac-chuntas ar thrí thoisc ar cheart do Shiobhán iad a chur san áireamh nuair atá praghas a huachtair reoite á shocrú aici.**<br><br>• Costas táirgthe / taighde & forbairt – ní mór do Shiobhán costas déantúsaíochta gach míre a chur san áireamh sula socróidh sí praghas gach míre.<br>• An spriocmhargadh – ní mór do Shiobhán smaoineamh ar an ngrúpa daoine a bhfuil an táirge dírithe orthu e.g. d'fhéadfadh sé go mbeadh táirgí ag Siobhán atá dírithe go speisialta ar leanaí.<br>• Iomaíocht – ní mór do ghnólacht smaoineamh ar phraghsanna tháirgí a chuid iomaitheoirí. Ní mór do Siobhán cinneadh a dhéanamh maidir leis an bpraghas céanna a ghearradh, praghas níos airde nó praghas níos ísle ná a cuid iomaitheoirí.<br>• Dálaí geilleagracha / éileamh – gearrtar praghsanna níos airde i ngeilleagar a bhfuil borradh faoi. D'fhéadfadh sé go socródh Siobhán | **15m**<br><br>3 + 2<br><br>3 + 2<br><br>3 + 2 |

| | | |
|---|---|---|
| | praghas níos airde a ghearradh ar a cuid táirgí má leanann an borradh faoin ngeilleagar.<br><br>Glac le pointí a bhaineann le luaineachtaí séasúracha nó le freastal ar imeachtaí (praghsáil bhisigh). | |
| **(D)** | **Sainaithin na heilimintí in anailís LLDB (Láidreacht, Laige, Deis agus Bagairt) ón liosta a tugadh.**<br><br>Láidreacht: **(d)** – Tá dea-cháil bainte amach ag an mbeár uachtar reoite maidir le huachtar reoite ar ardchaighdeán agus seirbhís den scoth.<br>Laige: **(c)** – Níl an pacáistiú agus an sceanra atá in úsáid ag an ngnólacht in-bhithmhillte.<br>Deis: **(b)** – Tá Siobhán ag smaoineamh ar an dara beár uachtar reoite a oscailt i samhradh 2020.<br>Bagairt: **(a)** – D'oscail iomaitheoir beár uachtar reoite in aice láimhe le gairid.<br><br>**NÓ**<br><br>(a) Bagairt<br>(b) Deis<br>(c) Laige<br>(d) Láidreacht | **15m**<br><br>4<br>4<br>4<br>3 |
| **(E)** | **Tabhair breac-chuntas ar dhá bhealach a bhféadfadh Béar Uachtar Reoite Gelato Shiobhán a bheith níos freagraí maidir leis an gcomhshaol.**<br><br>• Amhábhair a tháirgtear go heiticiúil a fhoinsiú.<br>• Dramhaíl a athchúrsáil.<br>• Dramhaíl a laghdú – pacáistiú a laghdú agus pacáistiú atá neamhdhíobhálach don chomhshaol a úsáid.<br>• Iniúchadh atá freagrach ó thaobh an chomhshaoil de a dhéanamh.<br>• Feithiclí atá neamhdhíobhálach don chomhshaol amhail carranna leictreacha nó feithiclí hibrideacha a úsáid.<br>• Fuinneamh – Foinse fuinnimh in-athnuaite amhail cumhacht ghaoithe nó grianchumhacht a úsáid.<br>• Feasacht – feasacht a chur chun cinn i measc na foirne gur gá a bheith neamhdhíobhálach don chomhshaol.<br>• Lorg carbóin a laghdú – ábhair a fhoinsiú go háitiúil. | **10m**<br><br>3 + 2<br><br>3 + 2 |

**CEIST 7**

| | Freagraí Féideartha | Marcanna |
|---|---|---|
| **(A)** | **(i) Mínigh an téarma 'trádálaí aonair'.**<br><br>Is éard is trádálaí aonair gnólacht atá faoi úinéireacht agus a rialaíonn duine amháin. Tá an duine seo go hiomlán freagrach as an ngnólacht agus tá dliteanas gan teorainn aige. Coinníonn úinéir amháin na brabúis ar fad.<br><br>**(ii) Tabhair breac-chuntas ar dhá bhuntáiste a bhaineann le dul i mbun gnó mar thrádálaí aonair.**<br><br>• Brabúis – Mar úinéir aonair, coinníonn an trádálaí aonair an brabús go léir tar éis cánacha a íoc.<br>• Cinntí – beidh sé in ann na cinntí a dhéanamh as féin agus a dhéanamh go tapa.<br>• Smacht – smacht iomlán ar an ngnó. Níl an smacht caolaithe/comhroinnte.<br>• Bunú – sách éasca tosú amach mar thrádálaí aonair.<br>• Cuntais – Is faoi rún a bhíonn cuntais agus taifid airgeadais trádálaí aonair agus ní gá iad a nochtadh d'aon duine ach amháin do na húdaráis chánach. | **15m**<br><br>3 + 2<br><br>3 + 2<br><br>3 + 2 |
| **(B)** | **(i) Mínigh an téarma 'baisctháirgeadh'.**<br><br>Táirgtear méid nó cainníocht áirithe nó <u>teoranta</u> de tháirgí atá <u>díreach mar an gcéanna</u> ag an am céanna, agus ansin, aistríonn táirgeadh go baisc nó grúpa éagsúil ina dhiaidh sin. Cuirtear obair ar gach céim den táirgeadh i gcrích sula gcuirtear tús le baisc nua. e.g. i mbácús, baisc builíní agus baisc scónaí ina dhiaidh sin.<br><br>**(ii) Tabhair breac-chuntas ar mhodh táirgthe amháin eile.**<br><br>Is éard atá i gceist le **jabtháirgeadh** táirgí aon uaire a dhéanamh nó earraí a dhéanamh ar ordú. Tá an costas saothair an-ard mar go bhfuil lucht saothair ardoilte ag teastáil. Dá bhrí sin, bíonn na táirgí níos costasaí de ghnáth mar gheall ar an gcostas ard táirgthe in aghaidh an aonaid. e.g. gúna bainise a dhearadh, troscán lámhdhéanta, cultacha táilliúrtha, longa cúrsála.<br><br>Tarlaíonn **olltáirgeadh** nuair a dhéantar líon an-mhór de tháirgí mar an gcéanna ar bhonn leanúnach. Tá leibhéal ard uathoibrithe i gceist, agus bíonn barainneachtaí scála dá thoradh sin cosúil le costais saothair ísle in aghaidh an aonaid. Tá éileamh mór riachtanach i gcomhair earraí a ndéantar olltáirgeadh orthu.<br><br>Samplaí: Pinn ghránbhioracha, liathróidí gailf, carranna. | **15m**<br><br>4 + 4<br><br>4 + 3 |

| | | |
|---|---|---|
| **(C)** | **Mínigh trí cinn ar bith de na foinsí airgeadais a bhfuil líne fúthu san alt a tugadh.**<br><br>Foinse maoinithe ghearrthéarmach is ea **Rótharraingt Bhainc**. Baineann sé le cead a fáil ón mbanc chun níos mó airgid ná mar atá sa chuntas reatha a aistarraingt. Tá an fhoinse airgeadais ghearrthéarmach seo ar fáil ar feadh bliain amháin agus caithfear é a aisíoc le hús. Úsáidtear é i gcomhair riachtanais ghearrthéarmacha amhail costais a íoc (pá, leictreachas).<br><br>**Creidmheas Trádála**<br>Nuair a ligeann soláthraí do ghnólacht stoc a cheannach anois agus íoc as an stoc níos déanaí. Tar éis tréimhse ama, mí amháin de ghnáth, seolann an soláthróir ráiteas chuig an ngnólacht ag sonrú cé mhéad atá ar an ngnólacht don stoc agus spriocdháta don íocaíocht.<br><br>**Fruilcheannach:** ag ceannach sócmhainne trí éarlais de chéatadán den chostas iomlán a íoc agus an t-iarmhéid a íoc i dtráthchodanna rialta. Áirítear caipiteal agus ús leis na tráthchodanna. Ní bheidh an ceannaitheoir mar úinéir dleathach na feithicle go dtí go n-íocfar an tráthchuid dheireanach.<br><br>**Deontas** – faigheann an gnólacht suim airgid <u>nach gá a íoc ar ais</u> ach coinníollacha áirithe a shásamh. Is féidir leis an rialtas deontais a sholáthar i dtaobh gnó a bhunú nó a mhéadú.<br><br>**Iasacht fhadtéarmach** – faigheann an gnólacht airgead ar iasacht ó institiúid airgeadais. Íoctar ús thar shaolré na hiasachta agus aisíoctar an caipiteal a fuarthas ar iasacht i dtréimhse níos mó ná cúig bliana. Bíonn aisíocaíochtaí seasta úis agus caipitil i gceist. | **20m**<br><br><br><br>4 + 4<br><br><br><br><br><br>4 + 4<br><br><br><br><br><br>2 + 2 |

| | | |
|---|---|---|
| **(D)** | **Tabhair breac-chuntas ar dhá chúis a bhféadfadh gnólacht roghnú fairsingiú a dhéanamh.**<br><br>• Díolacháin Mhéadaithe: Déanfaidh gnólacht leathnú chun díolacháin agus brabúsacht a mhéadú. Is féidir leis seo tarlú trí tháirgí nua a fhorbairt, dul isteach i margaí nua, etc.<br><br>• Barainneachtaí Scála: Barainneachtaí scála. De réir mar a fhásann gnólacht, laghdaíonn costais mar gheall ar bhulc-cheannach, ar choigilteas iompair, ar chostais íslithe stórála, etc. Méadóidh an bhrabúsacht mar gheall ar chostas níos lú in aghaidh an aonaid.<br><br>• Uaillmhian: an fonn impireacht a thógáil ar son úinéir nó bhainisteoirí an ghnólachta.<br><br>• Éagsúlú: Éascaíonn fairsingiú gnó an leathadh riosca trí bhogadh amach ó phríomhréimse gnó na cuideachta.<br><br>• Is minic a bhíonn deireadh a chur leis an iomaíocht ina chúis le gnó a leathnú: trí chumasc le hiomaitheoir nó trí iomaitheoir a tháthcheangal, d'fhéadfadh an gnó bagairt dá sciar den mhargadh a dhíchur. | **15m**<br><br>4 + 4<br><br>4 + 3 |
| **(E)** | **Mínigh an téarma 'cumasc'.**<br><br>Is ionann cumasc agus malgamú fabhrach nó deonach dhá ghnólacht nó níos mó le chéile ar mhaithe lena gcomhshochar. Cruthaítear aonán dleathach nua amháin.<br>e.g. Waterford Crystal agus Wedgewood Tableware. | **10m**<br><br>6 + 4 |

**CEIST 8:**

| | Freagraí Féideartha | Marcanna |
|---|---|---|
| (A) | **Tabhair breac-chuntas ar dhá bhuntáiste a bhaineann gnólacht as an urraíocht mar mhodh Caidrimh Phoiblí (PR).** | **10m** |
| | • Iomrá agus cáil an ghnó a fheabhsú Tá sé mar aidhm leis an urraíocht poiblíocht fhabhrach a bhaint amach agus dea-íomhá chorparáideach a thógáil don ghnó. | 3 + 2 |
| | • Díolacháin Mhéadaithe. Is féidir le hurraíocht díolacháin a mhéadú don ghnó mar go bhfuil an táirge, branda, le feiceáil ag an bpobal go minic. e.g. déanann AIG urraíocht ar CLG Bhaile Átha Cliath. Mar thoradh air seo tá méadú tagtha ar na díolacháin mar gheall go bhfuil an t-ainm branda le feiceáil go rialta. | 3 + 2 |
| | • Méadaítear feasacht ar an mbranda. Méadaíonn feasacht ar bhranda trí urraíocht a dhéanamh ar ócáid, comórtas nó áit aitheanta. e.g. rinne Liberty Insurance urraíocht ar Late Late Show chun feasacht a mhúscailt ar an mbranda. Déanann Allianz urraíocht ar chomórtas náisiúnta sraithe CLG (Sraith Náisiúnta Allianz). | |
| (B) | **Déan plé ar thrí theicníc chun díolacháin a chur chun cinn a úsáideann miondíoltóirí amhail Lidl agus Centra chun díolacháin a mhéadú.** | **15m** |
| | • Laghdú praghsanna/lascainí – d'fhéadfadh miondíoltóirí laghdú 20% a thairiscint ar laethanta a mbíonn cúrsaí trádála ciúin. | 3 + 2 |
| | • Ceannaigh ceann amháin, faigh ceann eile saor in aisce – d'fhéadfaí ceann a cheannach, ceann a fháil saor in aisce a thairiscint ar réimse leathan táirgí. | 3 + 2 |
| | • Cúpón ar lascaine don chéad cheannachán eile – d'fhéadfadh miondíoltóirí dearbháin a thairiscint a laghdódh costas an chéad cheannacháin eile a dhéanann an custaiméir. Faightear dearbháin sa phost nó le nuachtáin nó cuirtear ar fáil iad mar luach saothair do cheannacháin roimhe seo. | 3 + 2 |
| | • Cártaí Dílseachta – d'fhéadfadh miondíoltóirí amhail Centra caife in aisce a thabhairt ar gach cúig chaife a cheannaítear. | |
| | • Comórtais – d'fhéadfadh miondíoltóirí comórtais a reáchtáil chun duaiseanna a bhuachan trí na meáin shóisialta. e.g. d'fhéadfadh Centra comórtas a chur ar bun chun dhá thicéad do Chluiche Ceannais na hÉireann a bhuachan. | |

| | | |
|---|---|---|
| **(C)** | **(i) Tabhair breac-chuntas ar dhá fheidhm atá ag an bhfógraíocht.**<br>• Daoine a chur ar an eolas faoi tháirge/sheirbhís/eolas a chur ar fáil do chustaiméirí maidir le táirge/seirbhís.<br>• Cur ina luí ar chustaiméirí táirgí a cheannach.<br>• Meabhrú do chustaiméirí go bhfuil táirgí/seirbhísí fós ann<br>• Dul in iomaíocht le táirgí/seirbhísí eile.<br>• Cinneadh ceannaithe an chustaiméara a athneartú. | **20m**<br>3 + 2<br>3 + 2 |
| | **(ii) Déan liosta de dhá mheán fógraíochta a d'fhéadfadh miondíoltóirí a úsáid agus tabhair breac-chuntas ar na cúiseanna le do rogha i ngach cás.**<br>• Meáin shóisialta: lucht féachana leathan – costas íseal. i.e. tá na postálacha ar leathanach meán sóisialta na cuideachta saor in aisce.<br>• Nuachtáin: nuachtáin náisiúnta – níos costasaí, níos feiliúnaí do chuideachtaí móra atá ag iarraidh lucht mór léitheoireachta a bhaint amach.<br>• Nuachtáin áitiúla – níos saoire ach is féidir leo teacht ar an spriocghrúpa/grúpa áitiúil agus mar sin, d'fhéadfadh sé go mbeadh sé ní b'éifeachtaí do mhiondíoltóir beag. i.e. Centra áitiúil ag íoc as fógra chun béim a chur ar an urraíocht a dhéanann siad ar fhoireann/imeacht áitiúil.<br>• Teilifís: margadh mór náisiúnta Cuireann Centra agus Lidl tomhaltóirí ar an eolas faoi tháirgí atá ina siopaí trí fhógraí teilifíse. Úsáidtear na fógraí seo chun béim a leagan ar luachanna an bhranda.<br>• Raidió: úsáideann Centra agus Lidl fógraí raidió chun eolas a thabhairt faoi thairiscintí speisialta nó faoi phromóisin díolacháin.<br>• Idirlíon: fógraíocht dhíreach/níos dírithe.<br>• Pictiúrlann: lucht féachana áitiúil nach féidir gan breathnú air.<br>• Póstaeir agus cláir fógraí: d'fhéadfaidís aird daoine a tharraingt in áiteanna poiblí.<br>• Post díreach/bileoga: eolas maidir le tairiscintí speisialta seolta go díreach chuig custaiméirí ionchais. | 2 + 3<br>2 + 3 |
| **(D)** | **(i) Mínigh an téarma saincheadúnas mar chineál úinéireachta gnó.**<br>Is é seo an <u>ceadúnas</u> a bhronnann úinéir gnó (an saincheadúnóir) ar ghnólacht eile (an saincheadúnaí) a cheadaíonn an ceart a dtáirge nó a seirbhís a sholáthar agus a dhíol. Úsáideann an saincheadúnaí ainm agus lógó an tsaincheadúnóra. Tá an <u>táille</u> a íoctar as an gceadúnas costasach agus ní mór céatadán de dhíolacháin/dhleachtanna/bhrabúis a íoc ar bhonn bliantúil. Tá an buntáiste ag an saincheadúnaí ainm gnólachta dea-bhunaithe agus smaoineamh cruthaithe a ghlacadh ar cíos. | **20m**<br>4 + 4 + 4 |
| | **(ii) Déan liosta de dhá shampla eile de shaincheadúnais.**<br>Supermac's, Costa Coffee, Starbucks, The ZipYard, Circle K, Snap Printing. | 4 + 4 |

| | | |
|---|---|---|
| **(E)** | **Tabhair breac-chuntas ar dhá bhuntáiste do Mhaidhc a bhaineann le Centra a bhunú faoi shamhail an tsaincheadúnais seachas feidhmiú mar mhiondíoltóir neamhspleách.**<br><br>• Barainneachtaí scála/costais laghdaithe: Baineann saincheadúnaithe tairbhe as an gceannach mórchóir a dhéanann an saincheadúnóir do líon mór siopaí. Níos mó ná 425 siopa i bPoblacht na hÉireann. Eascraíonn cumhacht ceannaigh gan sárú as seo.<br><br>• Clú Bunaithe: Aitheantas branda – féadfar ainm nó lógó atá seanbhunaithe cheana a úsáid.<br><br>• Tacaíocht mhargaíochta comhsheasmhaí – trí theilifís, raidió, bileoga, fógraíocht lasmuigh agus ar an idirlíon.<br><br>• Cuid d'eagraíocht níos mó e.g. tairbhe a bhaint as láithreacht náisiúnta/idirnáisiúnta.<br><br>• Rochtain ar lipéid féinbhranda: D'fhéadfadh sé go ndéanfadh tomhaltóirí siopadóireacht ann chun línte eisiacha branda Centra a cheannach. Dearadh agus leagan amach nua-aimseartha sa siopa.<br><br>• Foirmle seanbhunaithe – baol laghdaithe. Is saincheadúnas é gnó/ainm/branda seanbhunaithe ag a bhfuil léirithe arís agus arís eile aige gur féidir brath air/baol níos ísle teipe sa mhargadh/ Tá rath ar an smaoineamh gnó cheana féin.<br><br>• Díolacháin Mhéadaithe: bonn custaiméirí ann cheana féin agus díolacháin ráthaithe ann dá bharr.<br><br>• Comhairle/Oiliúint: Teacht ar thaithí agus ar chórais an tsaincheadúnóra/ féadfar foghlaim ó shaincheadúnóirí eile/tairbhe a bhaint as cur chuige ar leith amháin. Oiliúint agus tacaíocht bainistíochta curtha ar fáil ag an saincheadúnóir. | **10m**<br><br><br>3 + 2<br><br>3 + 2 |

## AN ARDTEISTIMÉIREACHT: GNÓ – GNÁTHLEIBHÉAL 2019

## SCÉIM MHARCÁLA

| ROINN 1 100 MARC |
|---|
| FREAGAIR 10 gCEIST – TÁ 10 MARC AG GABHÁIL LE GACH CEIST |

| CEIST | SCÉIM MHARCÁLA | | IOMLÁN NA MARCANNA |
|---|---|---|---|
| 1 | An 1ú téarma ceart<br>An 2ú téarma ceart<br>An 3ú téarma ceart | 2m + 1m + 1m (4)<br>1m + 1m + 1m (3)<br>1m + 1m + 1m (3) | 10 |
| 2 | **Dhá** fhreagra: | @ 5m an ceann | 10 |
| 3 | **Dhá** fhocal: | 6m + 4m | 10 |
| 4 | **Dhá** bhuntáiste: | 6m + 4m | 10 |
| 5 | **Seacht** n-iontráil: | 3 @ 2m an ceann<br>móide 4 @ 1m an ceann | 10 |
| 6 | **Ceithre** rogha: | 4m + 3m + 2m + 1m | 10 |
| 7 | **Dhá** mhíniú: | @ 5m an ceann (3m + 2m) | 10 |
| 8 | **Trí** thic: | 4m + 3m + 3m | 10 |
| 9 | **Dhá** iontráil: | @ 5m an ceann | 10 |
| 10 | **Dhá** chúis: | @ 5m an ceann (3m + 2m) | 10 |
| 11 | **Ríomh:** | 3m + 4m + 3m | 10 |
| 12 | **Ceithre** chéim: | 3m + 3m + 2m + 2m | 10 |
| 13 | **Ceithre** iontráil: | 3m + 3m + 2m + 2m | 10 |
| 14 | **Cúiseanna:**<br>**Mínithe:** | 3 @ 2m<br>2m + 1m + 1m | 10 |
| 15 | **Cúig** fhreagra: | 3m + 3m + 2m + 1m +1m | 10 |
| | **Marcanna atá ar fáil** | | **100** |

# ROINN 2 – 300 MARC

## CUID 1

**ÍOSMHÉID:** **CEIST AMHÁIN (75 MARC)**

**UASMHÉID:** **DHÁ CHEIST (150 MARC)**

**CEIST 1**

| | | | |
|---|---|---|---|
| **(A)** | (i) Dlí Tomhaltais:<br>**(ii) Dhá** mhíniú: | 2m + 2m + 2m + 2m + 2m<br>@ 5 mharc an ceann (3m + 2m) | 20 |
| **(B)** | (i) **Dhá** fhoirm:<br>(ii) Míniú: | @ 5 mharc an ceann (3m + 2m)<br>5 mharc (3m + 2m) | 15 |
| **(C)** | **Dhá** bhuntáiste: | 8 marc (4m + 4m)<br>7 marc (4m + 3m) | 15 |
| **(D)** | (i) Dlí:<br>(ii) **Trí** fhoras: | 3m<br>@ 4 mharc an ceann (2m + 2m) | 15 |
| **(E)** | **Dhá** chúis: | @ 5 mharc an ceann (3m + 2m) | 10 |
| | **Marcanna atá ar fáil** | | **75** |

**CEIST 2**

| | | | |
|---|---|---|---|
| **(A)** | Teideal:<br>Ais lipéadaithe:<br>5 bharra:<br>5 chaiteachas: | 2m<br>2m + 1m<br>@ 2 mharc an ceann<br>@ 1 mharc an ceann | 20 |
| **(B)** | **Dhá** shampla: | @ 5 mharc an ceann (3m + 2m) | 10 |
| **(C)** | **Dhá** bhuntáiste: | 8 marc (5m + 3m)<br>7 marc (5m + 2m) | 15 |
| **(D)** | (i) Míniú:<br>(ii) **Dhá** chúis: | 5 mharc (3m + 2m)<br>8 marc (4m + 4m)<br>7 marc (4m + 3m) | 20 |
| **(E)** | **Dhá** bhuntáiste: | @ 5 mharc an ceann (3m + 2m) | 10 |
| | **Marcanna atá ar fáil** | | **75** |

**CEIST 3**

| | | | |
|---|---|---|---|
| **(A)** | **Trí** shampla: 4m + 3m + 3m | | 10 |
| **(B)** | **Trí** chúis: | 7 marc (4m + 3m)<br>7 marc (4m + 3m)<br>6 mharc (4m + 2m) | 20 |
| **(C)** | Míniú:<br>Sampla: | 10 marc (5m + 5m)<br>5 mharc | 15 |
| **(D)** | Ríomh**:**<br>Barrachas nó Easnamh: | 10 marc (2m + 2m + 2m + 4m)<br>5 mharc | 15 |
| **(E)** | (i) Tíortha:<br>(ii) Míniú: | 10 marc (4m + 3m + 3m)<br>5 mharc (3m + 2m) | 15 |
| | **Marcanna atá ar fáil** | | **75** |

# CUID 2

**ÍOSMHÉID:** **2 CHEIST (150 MARC)**

**UASMHÉID:** **3 CHEIST (225 MARC)**

**CEIST 4**

| | | | |
|---|---|---|---|
| **(A)** | **Trí** thréith: | @ 5 mharc an ceann (3m + 2m) | 15 |
| **(B)** | **Trí** riosca: | @ 5 mharc an ceann (3m + 2m) | 15 |
| **(C)** | (i) **Dhá** chineál:<br>(ii) Míniú: | @ 4 mharc an ceann<br>7 marc (1m + 3m + 3m) | 15 |
| **(D)** | (i) Míniú:<br>(ii) **Dhá** chúis: | 5 mharc (3m + 2m)<br>@ 5 mharc an ceann (3m + 2m) | 15 |
| **(E)** | Ranna: | 3 @ 1 mharc + 4 @ 3m an ceann | 15 |
| | **Marcanna atá ar fáil** | | **75** |

**CEIST 5**

| | | | |
|---|---|---|---|
| **(A)** | Míniú: | 10 marc (6m + 4m) | 10 |
| **(B)** | **Dhá** bhuntáiste: | 8 marc (4m + 4m)<br>7 marc (4m + 3m) | 15 |
| **(C)** | Míniú: | 15 marc (6m + 6m + 3m) | 15 |
| **(D)** | (i) Míniú:<br>(ii) Pá seachtainiúil:<br>(iii) Pá lae amháin: | 5 mharc (3m + 2m)<br>5 mharc (3m + 2m)<br>5 mharc (3m + 2m) | 15 |
| **(E)** | **(i)** Ríomh:<br>(ii) Tuarastal glan: | 10 marc (2m + 3m + 3m + 2m)<br>10 marc (3m + 3m + 4m) | 20 |
| | **Marcanna atá ar fáil** | | **75** |

**CEIST 6**

| | | | |
|---|---|---|---|
| **(A)** | (i) Foinse:<br>(ii) **Dhá** fhoinse eile: | 5 mharc<br>@ 5 mharc an ceann (3m + 2m) | 15 |
| **(B)** | (i) Míniú:<br>(ii) Difríocht: | 4 mharc (2m + 2m)<br>16m (3m + 3m + 2m) + (3m + 3m + 2m) | 20 |
| **(C)** | **Trí** thoisc: | @ 5 mharc an ceann (3m + 2m) | 15 |
| **(D)** | **Ceithre** eilimint: | 4m + 4m + 4m + 3m | 15 |
| **(E)** | **Dhá** bhealach: | @ 5 mharc an ceann (3m + 2m) | 10 |
| | **Marcanna atá ar fáil** | | **75** |

**CEIST 7**

| | | | |
|---|---|---|---|
| **(A)** | (i) Míniú:<br>(ii) **Dhá** bhuntáiste: | 5 mharc (3m + 2m)<br>@ 5 mharc an ceann (3m + 2m) | 15 |
| **(B)** | (i) Míniú:<br>(ii) Modh **amháin**: | 8 marc (4m + 4m)<br>7 marc (4m + 3m) | 15 |
| **(C)** | **Trí** fhoinse: | 8 marc (4m + 4m)<br>8 marc (4m + 4m)<br>4 mharc (2m + 2m) | 20 |
| **(D)** | **Dhá** chúis: | 8 marc (4m + 4m)<br>7 marc (4m + 3m) | 15 |
| **(E)** | Míniú: | 10 marc (6m + 4m) | 10 |
| | **Marcanna atá ar fáil** | | **75** |

**CEIST 8**

| | | | |
|---|---|---|---|
| **(A)** | **Dhá** bhuntáiste: | @ 5 mharc an ceann (3m + 2m) | 10 |
| **(B)** | Trí theicnic chun díolacháin a chur chun cinn: | @ 5 mharc an ceann (3m + 2m) | 15 |
| **(C)** | (i) **Dhá** fheidhm:<br>(ii) **Dhá** mheán: | @ 5 mharc an ceann (3m + 2m)<br>@ 5 mharc an ceann (2m + 3m) | 20 |
| **(D)** | (i) Míniú:<br>**(ii) Dhá** shampla: | 12 marc (4m + 4m + 4m)<br>@ 4 mharc an ceann | 20 |
| **(E)** | **Dhá** bhuntáiste: | @ 5 mharc an ceann (3m + 2m) | 10 |
| | **Marcanna atá ar fáil** | | **75** |

Leathanach Bán

Leathanach Bán